# CINNEADH (AE) 2020/265 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

**an 27 Samhain 2019**

**maidir le leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta chun bearta buiséadacha láithreacha a mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus na mbagairtí slándála**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais ([1]), agus go háirithe pointe 12 de,

ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé beartaithe leis an Ionstraim Sholúbthachta go bhféadfar caiteachas a mhaoiniú, ar caiteachas a shainaithneofar go soiléir é agus nach bhféadfaí a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha a bheadh ar fáil do cheann amháin nó níos mó de na ceannteidil eile.

(2) Is é EUR 600 000 000 (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ([2]) ón gComhairle é, an uasteorainn leis an méid bliantúil a bheidh ar fáil don Ionstraim Sholúbthachta, arna méadú, i gcás inarb infheidhme ag méideanna atá dulta i léig agus curtha ar fáil i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1 den Airteagal sin.

(3) Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus na mbagairtí slándála, is gá méideanna suntasacha breise a shlógadh chun na bearta sin a mhaoiniú go práinneach.

(4) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí uile i ndáil le leithreasuithe a ath-leithdháileadh faoi na huasteorainneacha caiteachais do cheannteideal 3 (*Slándáil agus saoránacht*), is gá leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta chun forlíonadh EUR 778 074 489 a chur leis an maoiniú atá ar fáil i mbuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2020 thar uasteorainn cheannteideal 3 chun bearta a mhaoiniú i réimse na himirce, na ndídeanaithe agus na slándála.

(5) Ar bhonn na próifíle íocaíochta lena bhfuiltear ag súil, na leithreasuithe íocaíochta a chomhfhreagraíonn do leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta, ba cheart iad a leithdháileadh thar roinnt blianta airgeadais.

(6) Chun go bhféadfar úsáid a bhaint as na cistí go mear, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ó thús na bliana airgeadais 2020,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do bhliain airgeadais 2020, úsáidfear an Ionstraim Sholúbthachta chun EUR 778 074 489 a sholáthar i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí faoi cheannteideal 3 (*Slándáil agus Saoránacht*).

Déanfar an tsuim dá dtagraítear sa chéad fhomhír a úsáid chun bearta a mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus na mbagairtí slándála.

([1]) IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.
([2]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

2. Ar bhonn na próifíle íocaíochta lena bhfuiltear ag súil, is é seo a leanas meastachán na leithreasuithe íocaíochta a chomhfhreagraíonn do leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta:

(a) EUR 407 402 108 in 2020;

(b) EUR 312 205 134 in 2021;

(c) EUR 42 336 587 in 2022;

(d) EUR 16 130 660 in 2023;

Déanfar na méideanna sonracha de leithreasuithe íocaíochta le haghaidh gach bliana airgeadais a údarú i gcomhréir leis an nós imeachta buiséadach bliantúil.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2020.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 27 Samhain 2019.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
D. M. SASSOLI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
T. TUPPURAINEN